| | | |
|---|---|---|
| **Ceacht a Trí** | **Is maith liom …** | **Abairtí** |
| **Lesson Three** | **I like …** | **Phrases** |

| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| 1. **Is** maith liom líomanáid. | I like lemonade. |
| 2. **Ní** maith liom líomanáid. | I don’t like lemonade. |
| 3. **An** maith leat líomanáid? | Do you like lemonade? |
| 4. **Nach** maith leat líomanáid? | Don’t you like lemonade? |
| 5. **Is** maith. | Yes. [I do like it]. |
| 6. **Ní** maith. | No. [I don't like it]. |
| 7. Is breá liom líomanáid. | I love lemonade. |
| 8. Is fearr liom uisce. | I prefer water. |
| 9. Is fuath liom líomanáid. | I hate lemonade. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10. líomanáid | lemonade | 18. feoil | meat |
| 11. bainne | milk | 19. sicín | chicken |
| 12. uisce | water | 20. iasc | fish |
| 13. arán | bread | 21. prátaí | potatoes |
| 14. brioscaí | cookies | 22. glasraí | greens |
| 15. seacláid | chocolate | 23. torthaí | fruit |
| 16. milseáin | candy | 24. sailéad | salad |
| 17. cáis | cheese | 25. uachtar reoite | ice cream |

| | |
|---|---|
| 26. **Ba** mhaith liom líomanáid. | I'd like some lemonade. |
| 27. **Níor** mhaith liom líomanáid. | I wouldn’t like any lemonade. |
| 28. **Ar** mhaith leat líomanáid? | Would you like some lemonade? |
| 29. **Nár** mhaith leat líomanáid? | Wouldn’t you like some lemonade? |
| 30. **Ba** mhaith. | Yes. [I would like it]. |
| 31. **Níor** mhaith. | No. [I wouldn't like it]. |
| 32. B'fhearr liom uisce. | I'd prefer some water. |

| | |
|---|---|
| 33. ach | but |
| 34. anois | now |
| 35. freisin | also |

| | | | |
|---|---|---|---|
| liom | with me | linn | with us |
| leat | with you | libh | with ye |
| leis | with him | leo | with them |
| léi | with her | le Máire | with Mary |

| Ceacht a Trí | Is maith liom … | Comhráite |
|---|---|---|
| Lesson Three | I like … | Conversations |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| A: An maith leat uachtar reoite? | Do you like ice cream? |
| B: Ní maith. Is fearr liom torthaí. | I don't. I prefer fruit. |
| A: An maith leat seacláid? | Do you like chocolate? |
| B: Is breá liom seacláid. | I love chocolate. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Ar mhaith leat tae? | Would you like some tea? |
| B: Níor mhaith. Ba mhaith liom uisce. | No. I'd like some water. |
| A: Ar mhaith leat brioscaí? | Would you like some cookies? |
| B: Ba mhaith. Go raibh maith agat. | Yes. Thank you. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: Ar mhaith leat glasraí? | Would you like some vegetables? |
| B: Níor mhaith. Ba mhaith liom prátaí. | I wouldn't. I'd like potatoes. |
| A: Nach maith leat glasraí? | Don't you like vegetables? |
| B: Is maith, ach b'fhearr liom prátaí anois. | I do, but I'd prefer potatoes now. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: Ar mhaith leat feoil? | Would you like some meat? |
| B: Níor mhaith. Is fuath liom feoil. | No. I hate meat. |
| A: Ar mhaith leat cáis? | Would you like some cheese? |
| B: Ba mhaith. Is breá liom cáis. | Yes. I love cheese. |
| A: Ar mhaith leat torthaí freisin? | Would you like some fruit, too? |
| B: Ba mhaith, go raibh maith agat. | Yes, thank you. |

| **Comhrá 5** | **Conversation 5** |
|---|---|
| A: An maith le Seán milseáin? | Does Sean like candy? |
| B: Ní maith. Ní maith leis milseáin. | No, he doesn't like candy. |
| A: An maith libh sailéad? | Do ye like salad? |
| B: Is breá linn sailéad. | We love salad. |
| A: Ar mhaith le Máire iasc? | Would Mary like some fish? |
| B: Níor mhaith. Is fuath léi iasc. | No. She hates fish. |